**GLAO AR LÉIRIÚ SPÉISE LE hAGHAIDH GNÍOMHAIRÍ SEALADACHA**

**LE hAGHAIDH ARD-STIÚRTHÓIREACHT AN AISTRIÚCHÁIN (DGT)**

**COM/TA/AD/01/21 – AISTRITHEOIRÍ DAINMHAIRGISE (DA) (AD 5)**
**COM/TA/AD/02/21 – AISTRITHEOIRÍ GEARMÁINISE (DE) (AD 5)**
**COM/TA/AD/03/21 – AISTRITHEOIRÍ FIONLAINNISE (FI) (AD 5)**
**COM/TA/AD/04/21 – AISTRITHEOIRÍ SUALAINNISE (SV) (AD 5)**

***Ní foláir clárú faoin sprioc-am seo: 9 Feabhra 2021 ar 12.00 (meán lae), am na Bruiséile.***

Is é is cuspóir do na phróisis roghnúcháin seo liostaí inniúlachta a thiomsú as a n-earcóidh Ranna teanga ábhartha na hArd-Stiúrthóireachta thuasluaite de chuid an Choimisiúin Eorpaigh gníomhairí sealadacha mar ***'aistritheoirí'*** (grúpa feidhme AD).

Gach áit a ndéantar tagairt do dhaoine d'inscne ar leith faoi chuimsiú na bpróiseas roghnúcháin seo, glactar leis gur ag tagairt do dhaoine d'aon inscne eile atáthar freisin.

An glao seo agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis, is iad creat dlí ceangailteach na bpróiseas roghnúcháin seo.

**An líon iarrthóirí is féidir a chur ar an bpainéal**

| | |
|---|---|
| COM/TA/AD/01/21 – DA: | **25** |
| COM/TA/AD/02/21 – DE: | **35** |
| COM/TA/AD/03/21 – FI: | **25** |
| COM/TA/AD/04/21 – SV: | **25** |

Le linn na bpróiseas roghnúcháin, tabharfar cuireadh duit roinnt trialacha a dhéanamh mar atá sonraithe sa ghlao seo. Cinnteoidh an Coimisiún go mbeidh na dálaí faoina ndéanfaidh tú na trialacha sin i gcomhréir leis na moltaí atá leagtha síos ag na hÚdaráis Sláinte Phoiblí ábhartha (an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú/údaráis idirnáisiúnta, Eorpacha agus náisiúnta eile).

D'fhéadfadh sé go dtairgfí do na hiarrthóirí a n-éireoidh leo conradh sealadach de bhun Theideal I, 2b de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le Cinneadh ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2013 maidir le beartais i leith gníomhairí sealadacha a fhostú agus a úsáid:

https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/jobs_at_the_european_commission/job_opportunities/documents/commission-decision-temporary-agents-c-2013-9049-en.pdf (á n-athbhreithniú faoi láthair).

Is é 4 bliana fad tosaigh an chonartha i dtaca le gníomhairí sealadacha 2b) agus is féidir é a athnuachan le haghaidh tréimhse bhreise 2 bhliain ar a mhéad.

Maidir le fad iomlán an chonartha, cuirfear san áireamh na forálacha ábhartha atá i gCinneadh an 28 Aibreáin 2004 ón gCoimisiún maidir leis an uasfhad is féidir baill foirne neamhbhuana a úsáid (7 mbliana le linn tréimhse 12 bhliain), https://ec.europa.eu/transparency/regdoc/rep/3/2004/EN/3-2004-1597-EN-6-0.Pdf mar a leasaíodh le Cinneadh C(2013) 9028 final ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2013https://ec.europa.eu/transparency/regdoc/rep/3/2013/EN/3-2013-9028-EN-F1-1.Pdf

agus Cinneadh C(2019)2548 final ón gCoimisiún an 5 Aibreán 2019.

https://ec.europa.eu/transparency/regdoc/rep/3/2019/EN/C-2019-2548-F1-EN-MAIN-PART-1.PDF

***Tabhair do d'aire, na conarthaí is féidir a thairiscint do na hiarrthóirí a n-éireoidh leo, beidh siad á dtairiscint le haghaidh poist in áitreabh ASA an Choimisiúin Eorpaigh sa Bhruiséil nó i Lucsamburg.***

Na hiarrthóirí dá dtairgfear conradh, cuirfear iad ar chéim 1 nó céim 2 den ghrád ábhartha nuair a thosóidh siad sa phost, de réir fhad a dtaithí oibre. Seo léiriú táscach ar na buntuarastail mhíosúla, ón 1 Iúil 2019:

Le haghaidh ghrád AD 5:

- Céim 1: 4.883,11 €
- Céim 2: 5.088,30 €

Is éard atá i dtuarastal na mball foirne, buntuarastal a bhfuil liúntais shonracha curtha leis, liúntas easaoránachta agus liúntas teaghlaigh san áireamh i gcás inarb infheidhme. Is féidir na forálacha maidir le ríomh na liúntas sin a léamh i gCoinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:01962R0031-20200101&qid=1579010653487&from=EN)..

## I - DUALGAIS AN PHOIST

Iarrfar ar na hiarrthóirí a n-éireoidh leo doiciméid a aistriú bhuntéacsanna a dréachtaíodh i mBéarla, den chuid is mó, go dtí teanga an phróisis roghnúcháin a roghnaigh siad. Is minic na téacsanna a bhítear a aistriú casta, agus bíonn baint acu le cúrsaí polaitíochta, cúrsaí dlí, cúrsaí eacnamaíocha, cúrsaí airgeadais, cúrsaí eolaíochta agus cúrsaí teicniúla, agus le gach réimse eile a mbíonn an tAontas Eorpach ag plé leis. Ar na dualgais is féidir a bheith ann freisin tá aistriúcháin a athbhreithniú (idir aistriúcháin a dhéanann comhghleacaithe san Aonad agus aistriúcháin a dhéanann conraitheoirí seachtracha) agus taighde téarmeolaíochta. Chun aistriúchán agus cúraimí ábhartha eile a dhéanamh, tá scileanna digiteacha ag teastáil agus baintear cuid mhór úsáide as uirlisí ríomhaireachta a bhaineann go sonrach leis an obair.

## II - NA COINNÍOLLACHA INCHÁILITHEACHTA

***Ar an sprioc-am*** atá leagtha síos don chlárúchán ar líne, ní mór d'iarrthóirí GACH CEANN de na coinníollacha ginearálta agus sonracha seo a leanas a chomhlíonadh. Le linn an phróisis roghnúcháin, is é an tÚdarás atá Údaraithe Conarthaí Fostaíochta a Thabhairt i gCríoch a sheiceálfaidh an gcomhlíonann na hiarrthóirí na coinníollacha incháilitheachta ginearálta agus is é an coiste roghnúcháin a sheiceálfaidh an gcomhlíonann na hiarrthóirí na coinníollacha incháilitheachta sonracha atá luaite anseo thíos:

***1) Coinníollacha ginearálta:***

- A gcearta mar shaoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach a theachtadh
- Aon oibleagáid i dtaca le seirbhís mhíleata atá orthu de réir an dlí náisiúnta a chomhlíonadh

- Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun dualgais an phoist a dhéanamh

***2) Coinníollacha sonracha – teangacha:***

Foráiltear in Airteagal 12.2(e) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh nach bhféadfar gníomhairí sealadacha a cheapadh mura gcuire siad fianaise ar fáil go bhfuil eolas cuimsitheach acu ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais agus eolas sásúil ar theanga eile de na teangacha sin.

Ní mór eolas a bheith agat ar ***dhá cheann ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh***. Sa ghlao seo is mar seo a thagraítear do na teangacha:

- Teanga 1: leibhéal C2 (sáreolas) i dteanga an phróisis roghnúcháin a roghnaíodh, a úsáidfear sa triail Príomhscileanna Teanga, sna trialacha aistriúcháin agus athbhreithniúcháin agus san agallamh;
- Teanga 2: Íosleibhéal C1 (eolas cuimsitheach) sa Bhéarla, a úsáidfear sa triail tuisceana teanga, sna trialacha aistriúcháin agus athbhreithniúcháin agus san agallamh;
- Is féidir go gcuirfear eolas ar aon teanga eile de chuid an Aontais Eorpaigh san áireamh ag céim na hearcaíochta.

Tabhair do d'aire nach mór na híosleibhéil thuasluaite a bheith agat i dtaca le gach inniúlacht teanga (labhairt, scríobh, léamh agus éisteacht) atá iarrtha san fhoirm iarratais. Tá na hinniúlachtaí sin leagtha amach i g*Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha*: *https://europa.eu/europass/system/files/2020-05/CEFR%20self-assessment%20grid%20IE.pdf*

Déanfar an chumarsáid tríd an gcuntas EPSO agus idir EPSO agus na hiarrthóirí a chuir iarratas bailí isteach i gceann de na teangacha ar dhearbhaigh siad go raibh siad acu san fhoirm iarratais ar leibhéal C1 nó níos airde.

***Ní mór teanga an phróisis roghnúcháin atá i gceist a roghnú mar theanga 1.***

Comhfhreagraíonn teanga 1 do sprioctheanga na ranna aistriúcháin áirithe agus do theanga na cumarsáide laistigh den roinn sin. Ní mór d’iarrthóirí sáreolas a bheith acu ar an teanga sin.

Ní mór ***an Béarla*** a roghnú mar Theanga 2.

Ós rud é gur i mBéarla a dhréachtaítear formhór mór bhunchóipeanna na ndoiciméad a mbíonn ranna na Danmhairgise, na Fionlainnise, na Gearmáinise agus na Sualainnise ina mbun, is gá eolas ar an teanga sin chun aistriú sa sprioctheanga ar théacsanna a tháirgtear sa teanga sin agus athbhreithniú teanga a dhéanamh ar aistriúcháin agus chun dualgais eile a dhéanamh chomh maith.

Dá bhrí sin, ní mór d'iarrthóirí ar éirigh leo agus a earcófar tar éis na bpróiseas roghnúcháin sin sáreolas a bheith acu ar an mBéarla ós rud é gur ar dhoiciméid sa teanga sin a bheidh siad ag obair den chuid is mó.

***3) Coinníollacha sonracha – cáilíochtaí agus taithí oibre:***

- Ní mór leibhéal oideachais a bheith agat is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ***3 bliana ar laghad*** ar baineadh dioplóma amach dá bharr.

- Níl aon taithí oibre ag teastáil.

**Tabhair do d'aire NACH nGLACFAR ACH le dioplómaí a bronnadh i mBallstát den Aontas Eorpach nó le dioplómaí a bhfuil teastais chomhluacha ag gabháil leo a d'eisigh na húdaráis i gceann de na Ballstáit sin.**

## III - CONAS A DHÉANFAR AN ROGHNÚ?

### *1) Iarratas a dhéanamh*

Agus an fhoirm iarratais á líonadh isteach agat ní mór duit teanga an phróiseas roghnúcháin sin (an Danmhairgis, an Fhionlainnis, an Ghearmáinis nó an tSualainnis) a roghnú mar theanga 1 agus an Béarla mar theanga 2. Iarrfar ort freisin a dheimhniú go bhfuil tú incháilithe don phróiseas roghnúcháin agus faisnéis bhreise a thabhairt a ***bhaineann leis an bpróiseas roghnúcháin*** (mar shampla: dioplómaí).

Féadfaidh tú an fhoirm iarratais a líonadh isteach i dteanga 1 (an Danmhairgis, an Fhionlainnis, an Ghearmáinis nó an tSualainnis) nó i dteanga 2 (Béarla).

Is ionann an t-iarratas a bhailíochtú agus a dhearbhú ar d'fhocal go gcomhlíonann tú na coinníollacha ar fad atá luaite sa roinn 'Na coinníollacha incháilitheachta'. ***A luaithe a bheidh d'fhoirm iarratais bailíochtaithe agat, ní fhéadfaidh tú aon athrú eile a dhéanamh uirthi. Fútsa atá sé féachaint chuige go mbeidh an t-iarratas líonta isteach agus bailíochtaithe faoin sprioc-am.***

### *2) Réamhroghnú: Na trialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire*

Má bhailíochtaíonn tú d'fhoirm iarratas faoin sprioc-am, tabharfar cuireadh duit sraith de thrialacha ilrogha ar ríomhaire a dhéanamh i gceann d'ionaid chreidiúnaithe EPSO nó go cianda.

Ach amháin má deirtear a mhalairt leat ***ní mór duit coinne a dhéanamh*** chun na trialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire a dhéanamh, de réir na dtreoracha a gheobhaidh tú ó EPSO. Is é is dóichí go dtairgfear roinnt dátaí duit ar a bhféadfaidh tú na trialacha a dhéanamh, agus roinnt ionad ina bhféadfaidh tú iad a dhéanamh. Bíonn ***teorainn*** leis na tréimhsí inar féidir an choinne agus na trialacha a dhéanamh.

Ag seo leagan amach na dtrialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire:

| ***Trial*** | ***Teanga*** | ***Líon ceisteanna*** | ***Fad ama*** | ***Marcáil*** | ***Pasmharc*** |
|---|---|---|---|---|---|
| Tuiscint Teanga | Teanga 2 | 12 cheist | 25 nóiméad | As 12 pointe a mharcálfar an triail seo | 6/12 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Príomhscileanna Teanga | Teanga 1 | 25 cheist | 25 nóiméad | As 50 pointe a mharcálfar an triail seo | 30/50 |

Ní mór pas a ghnóthú sa dá thriail a cheartófar le dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas. Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina ngnóthóidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, tabharfar cead dóibh ar fad dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin. Ní chuirfear na torthaí sin leis na torthaí a gheofar sna tástálacha a thiocfaidh ina ndiaidh.

***3) Seiceálacha incháilitheachta***

Déanfar na coinníollacha incháilitheachta atá leagtha síos sa roinn 'Na coinníollacha incháilitheachta' thuas a sheiceáil i gcomparáid leis na sonraí a thug na hiarrthóirí ina n-iarratas ar líne. Is é an tÚdarás atá Údaraithe Conarthaí Fostaíochta a Thabhairt i gCrích a sheiceálfaidh an gcomhlíonann na hiarrthóirí na coinníollacha incháilitheachta ginearálta agus is é an coiste roghnúcháin a sheiceálfaidh an gcomhlíonann na hiarrthóirí na coinníollacha incháilitheachta sonracha sa roinn 'Oideachas agus Oiliúint' den iarratas ar líne.

Déanfar seiceáil incháilitheachta ar iarratas na n-iarrthóirí in ord íslitheach na marcanna iomlána a ghnóthaigh siad sna trialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire go dtí go sroichfear an líon iarrthóirí incháilithe a dtabharfar cuireadh dóibh na trialacha aistriúcháin agus athbhreithniúcháin a dhéanamh do gach próiseas. Ní sheiceálfar na comhaid eile. ***Tuairim agus 4 n-oiread, nó 5 n-oiread*** ar a mhéad, an lín iarrthóirí atá á lorg don phainéal i ngach próiseas roghnúcháin, sin é an líon iarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh na trialacha aistriúcháin agus athbhreithniúcháin a dhéanamh.

***4) Roghnú Na trialacha aistriúcháin agus athbhreithniúcháin***

Na hiarrthóirí a léiríonn an fhaisnéis a thug siad ina n-iarratas ar líne go gcomhlíonann siad na coinníollacha incháilitheachta agus a mbeidh an marc a ghnóthaigh siad sna trialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire ar cheann de na ***marcanna foriomlána is airde***, tabharfar cuireadh dóibh dhá thriail ***i dteanga 1 agus teanga 2 a dhéanamh i gceann d'ionaid chreidiúnaithe EPSO nó go cianda***. Cuirfear sonraí breise agus treoracha breise sa litir chuiridh a chuirfear chugat. Seo a leanas na trialacha:

i. **Triail athbhreithniúcháin** (30 nóiméad ar fad): Téacs a aistríodh ó theanga 2 (an Béarla) go teanga 1 (Danmhairgis/Fionlainnis/Gearmáinis/Sualainnis) a athbhreithniú. Is féidir leis an iarrthóir a chuid foclóirí páipéir féin a úsáid.

   **As 70 a mharcálfar an triail athbhreithniúcháin, agus is é 35 an pasmharc.**

ii. **Triail aistriúcháin** (90 nóiméad ar fad): Aistriúchán ó theanga 2 (an Béarla) go teanga 1 (Danmhairgis/Fionlainnis/Gearmáinis/Sualainnis) a athbhreithniú. Is féidir leis an iarrthóir a chuid foclóirí páipéir féin a úsáid.

   **As 70 a mharcálfar an triail aistriúcháin, agus is é 35 an pasmharc.**

***Mura ngnóthóidh tú pas sa triail athbhreithniúcháin, ní dhéanfar do thriail aistriúcháin a mharcáil.*** Chun cáiliú don chéad chéim eile den chomórtas ní mór an marc a ghnóthóidh tú sna trialacha seo ar fad le chéile a bheith ar cheann de na ***marcanna foriomlána is airde***.

***5) Agallamh***

Na hiarrthóirí a ghnóthaigh ceann de na ***marcanna foriomlána*** is airde sna trialacha aistriúcháin le chéile agus athbhreithniúcháin, tabharfar cuireadh dóibh freastal ar agallamh (ar líne nó aghaidh le haghaidh) a bheidh i dteanga 1 agus teanga 2 laistigh d'***uasteorainn 2 oiread*** an lín iarrthóirí ar éirigh leo atáthar a lorg le haghaidh gach próisis roghnúcháin, Cuirfear sonraí breise agus treoracha breise sa litir chuiridh a chuirfear chugat.

Leis an agallamh déanfar measúnú ar an inspreagadh agus ar na hinniúlachtaí ginearálta seo a leanas:
- anailísiú agus réiteach fadhbanna,
- cáilíocht agus torthaí,
- foghlaim agus forbairt, agus
- cumarsáid ó bhéal.

**As 60 a mharcálfar an t-agallamh, agus is é 30 an pasmharc.**

Ach amháin má deirtear a mhalairt leat, ní mór duit cóipeanna scanta de do chuid doiciméad tacaíochta a uaslódáil chuig do chuntas EPSO. Cuirfear sonraí breise agus treoracha breise sa litir chuiridh a chuirfear chugat.

Déanfar na marcanna a gnóthaíodh san agallamh a chur leis na marcanna a gnóthaíodh sna trialacha faoi phointe 4 chun teacht ar mharc deiridh foriomlán gach iarrthóra.

***6) Liostaí inniúlachta***

I ndiaidh dó an tseiceáil a dhéanamh ar dhoiciméid tacaíochta na n-iarrthóirí ar bhonn na faisnéise san iarratas ar líne, tiomsóidh an coiste roghnúcháin ***liosta inniúlachta*** le haghaidh gach próisis roghnúcháin de na hiarrthóirí incháilithe sin a ghnóthaigh na pasmharcanna agus a ghnóthaigh ceann de na marcanna foriomlána is airde tar éis na dtrialacha agus an agallaimh, go dtí go sroichfear an líon iarrthóirí atá á lorg. Maidir leis an áit dheireanach ar an liosta, i gcás ina ngnóthóidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, cuirfear iad go léir ar an liosta. Is in ord aibítre a bheidh na hainmneacha ar an liosta.

Cuirfear ar fáil don Choimisiún Eorpach chun críoch earcaíochta agus forbairt gairme sa todhchaí, liostaí inniúlachta na n-iarrthóirí ar éirigh leo. Beidh na liostaí bailí ar feadh 2 bhliain agus is féidir cur leis an tréimhse bhailíochta sin. Ní hionann duine a bheith ar an liosta inniúlachta agus ***aon cheart ar phost ná ráthaíocht*** a bheith aige go bhfaighidh sé post.

## IV - COMHDHEISEANNA AGUS SOCRUITHE SPEISIALTA

Déanann EPSO a dhícheall a chinntiú go bhfuil comhdheiseanna ag na hiarrthóirí uile, go gcaitear ar an dóigh chéanna leo agus go bhfuil an rochtain chéanna acu ar a chuid seirbhísí.

Má tá tú faoi mhíchumas nó más rud é go bhféadfadh an riocht sláinte ina bhfuil tú bac a chur ort na trialacha a dhéanamh, luaigh sin i d'iarratas ar líne agus abair cé na cineálacha socruithe speisialta atá de dhíth ort.

Má tharlaíonn sé go dtagann míchumas ort nó go dtagann athrú ar an riocht sláinte ina bhfuil tú i ndiaidh duit an t-iarratas a bhailíochtú, ní mór duit EPSO a chur ar an eolas a luaithe is féidir é ar an dóigh thíosluaite.

Tabhair do d'aire nach mór duit, chun go gcuirfear d'iarratas san áireamh, teastas ó chomhlacht stáit de chuid do Bhallstáit nó teastas dochtúra a thabhairt do EPSO.

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh i dteagmháil le foireann inrochtana EPSO:

– le ríomhphost (EPSO-accessibility@ec.europa.eu); nó
– tríd an bpost: An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO)
  EPSO accessibility
  Avenue de Cortenbergh/Kortenberglaan 25
  1049 Bruxelles/Brussel
  BELGIQUE/BELGIË

Bíodh **EPSO accessibility** luaite go soiléir ar an gcomhfhreagras sin maille le **d'ainm**, **uimhir an phróisis roghnúcháin** agus **d'uimhir iarratais**.

Scrúdófar na doiciméid tacaíochta de réir an cháis agus má bhíonn údar maith ann, ar bhonn na fianaise a cuireadh isteach agus ar bhonn an phrionsabail caitheamh go comhionann le gach iarrthóir, is féidir go dtairgfidh EPSO duit socruithe ar leith a dhéanamh, a mhéid a mheasfar a bheith réasúnta.

## V – IMRÉITEACH SLÁNDÁLA

De bhun Airteagal 10(2) de Chinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint, beidh údarú slándála faighte ag gach duine ar féidir go mbeidh air rochtain a bheith aige ar fhaisnéis rúnaicmithe AE ar an leibhéal ábhartha (SECRET UE/EU SECRET) de bharr a dhualgas sula dtabharfar rochtain dó ar an bhfaisnéis rúnaicmithe AE sin.

Ós rud é go mbíonn an Coimisiún Eorpach ag láimhseáil faisnéis íogair agus faisnéis rúnaicmithe lena mbaineann ardleibhéal rúndachta go rialta, baineann sé go dlúth le leas na seirbhíse go mbeidh an t-imréiteach slándála iomchuí ag cuid de na baill foirne a bheidh ag obair sna seirbhísí aistriúcháin ag aistriú doiciméid ina bhfuil faisnéis íogair agus faisnéis rúnaicmithe den chineál sin.

Dá bhrí sin, is féidir go n-iarrfar ar na hiarrthóirí ar éirigh leo sna próisis roghnúcháin seo, mar réamhchoinníoll earcaíochta i gcás poist áirithe, nós imeachta imréitigh slándála a ghlacadh orthu féin i gcomhréir le Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún.

Tuigtear, mar sin, go bhfuil na hiarrthóirí ar éirigh leo sna phróisis roghnúcháin seo atá ag déanamh iarratais ar na poist sin sásta nós imeachta imréitigh slándála a ghlacadh orthu féin faoi Chinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún. I ngach cás, beidh na gnéithe sin sonraithe go soiléir san fhógra folúntais maidir leis an bpost lena mbaineann.

Is é Údarás Náisiúnta Slándála Bhallstát náisiúntacht an iarrthóra chuirfidh an nós imeachta imréitigh slándála i gcrích. Is mór idir nósanna imeachta imréitigh slándála i mBallstáit

éagsúla in amanna. Moltar d'iarratasóirí iad féin a chur ar an eolas faoin nós imeachta sula ndéanfaidh siad iarratas ar an bpróiseas roghnúcháin seo.

## VI - CATHAIN IARRATAS A DHÉANAMH AGUS CONAS É A DHÉANAMH

Ní mór iarratas a dhéanamh ar shuíomh gréasáin EPSO http://jobs.eu-careers.eu faoin sprioc-am seo:

***9 Feabhra 2021 ar 12.00 (meán lae), am na Bruiséile.***

Ní mór an fhoirm iarratais a líonadh isteach ar líne agus a sheoladh trí do chuntas EPSO, ag leanúint na dtreoracha atá ar shuíomh gréasáin EPSO faoi chéimeanna an phróisis.

Mura bhfuil cuntas EPSO agat, ba cheart duit ceann a chruthú. Tá na treoracha maidir le cuntas a chruthú ar shuíomh gréasáin EPSO www.eu-careers.eu.

Ní mór seoladh ríomhphoist bailí a bheith agat agus is fútsa atá sé féachaint chuige go bhfuil do sheoladh ríomhphoist agus do chuid sonraí pearsanta sa chuntas EPSO cothrom le dáta.

A luaithe a bheidh d'fhoirm iarratais bailíochtaithe agat, ní fhéadfaidh tú aon athrú eile a dhéanamh uirthi.

Fútsa atá sé féachaint chuige go mbeidh an t-iarratas líonta isteach agus bailíochtaithe faoin sprioc-am atá leagtha síos sa ghlao ar léiriú spéise seo.

## IARSCRÍBHINN I

### 1 CUMARSÁID A DHÉANAMH LE hIARRTHÓIRÍ:

A luaithe a bheidh d'iarratas cláraithe, is féidir leat dul chun cinn ginearálta an phróisis roghnúcháin a leanúint ach dul chuig suíomh gréasáin EPSOhttp://jobs.eu-careers.eu.

Beidh eolas don duine aonair le fáil **ina chuntas EPSO, agus ansin amháin**.

Sin é an cás go háirithe maidir leis seo a leanas:

- Na trialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire: cuireadh agus torthaí;
- torthaí incháilitheachta;
- Trialacha athbhreithnithiúcháin agus aistriúcháin: cuireadh agus torthaí;
- Agallamh: cuireadh agus torthaí.

**Ba cheart duit féachaint ar do chuntas EPSO go rialta — dhá uair sa tseachtain ar a laghad.** Is fútsa atá sé do chuntas EPSO a choinneáil cothrom le dáta chun aon athrú ar do sheoladh cónaithe nó ríomhphoist a léiriú.

**I do chuid comhfhreagrais ar fad, ní mór duit d'ainm mar atá sé scríofa ar d'fhoirm iarratais a lua chomh maith le huimhir thagartha an phróisis roghnúcháin agus an uimhir iarratais.**

#### 1.1 Eolas a nochtar go huathoibríoch

**Gheobhaidh tú go huathoibríoch** an t-eolas seo a leanas ar fad i ndiaidh gach céime den phróiseas roghnúcháin:

- **Na trialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire:** do thorthaí agus tábla a bhfuil na freagraí a thug tú ann mar aon le huimhir nó tagairt na bhfreagraí cearta. **Ní féidir, ar chúinse ar bith, rochtain a fháil ar théacs ná ar fhreagraí na gceisteanna,**
- **Incháilitheacht:** sonrófar cé acu a tugadh cead duit páirt a ghlacadh sa chomórtas nó nár tugadh; murar tugadh an cead sin duit, sonrófar na coinníollacha incháilitheachta nár comhlíonadh,
- **Na trialacha aistriúcháin agus athbhreithniúcháin**: do thorthaí,
- **Agallamh**: do thorthaí

#### 1.2 Eolas a iarraidh

Féachann EPSO leis an oiread eolais is féidir a chur ar fáil d'iarrthóirí, i gcomhréir leis an oibleagáid atá air cúiseanna a thabhairt, le rúndacht imeachtaí an choiste roghnúcháin agus leis na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta. Is i bhfianaise na dtosca sin a mheasfar gach iarraidh ar eolas.

Is trí shuíomh gréasáin EPSO (https://epso.europa.eu/help_ga) ba cheart gach iarraidh ar eolas a dhéanamh, laistigh de 10 lá tar éis do thorthaí a fhoilsiú.

## 2 COISTÍ ROGHNÚCHÁIN

Ceaptar na coistí roghnúcháin de réir fhorálacha Chinneadh an 16 Nollaig 2013 ón gCoimisiún maidir le beartais le haghaidh gníomhairí sealadacha a fhostú agus a úsáid (atá á athbhreithniú faoi láthair) chun na hiarrthóirí is fearr a roghnú i bhfianaise na riachtanas a leagtar amach sa ghlao.

Is iad na coistí roghnúcháin a chinneann leibhéal deacrachta na dtrialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire agus na dtrialacha aistriúcháin agus athbhreithniúcháin. Na cinntí lena gceapfar baill na gcoistí roghnúcháin, foilseofar ar shuíomh gréasáin EPSO iad http://jobs.eu-careers.eu.

**Tá dianchosc ar iarrthóirí aon teagmháil a dhéanamh le baill na gcoistí roghnúcháin faoi ábhar ar bith a bhaineann leis na próisis roghnúcháin, bíodh sé go díreach nó go hindíreach. Má sháraítear an riail sin, dícháileofar an t-iarrthóir ón bpróiseas roghnúcháin.**

## 3 IARRATAÍ, GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC

### 3.1 Saincheisteanna teicniúla agus eagraíochtúla

Má thagann mórdheacracht theicniúil nó eagraíochtúil romhat ag céim ar bith den phróiseas roghnúcháin, iarrtar ort EPSO a chur ar an eolas ina taobh sa chaoi go bhféadfar an cás a bhreathnú agus beart a dhéanamh chun é a leigheas. **Is trí shuíomh gréasáin EPSO amháin** is ceart teagmháil a dhéanamh (https://epso.europa.eu/contact/form_ga).

Iarrtar ort **d'ainm** (an t-ainm a thug tú i do chuntas EPSO) a lua sa chomhfhreagras ar fad, mar aon le **d'uimhir iarratais** agus **uimhir thagartha an phróisis roghnúcháin**.

**I gcás fadhb san ionad trialacha**, iarrtar ort:

- na feitheoirí a chur ar an eolas láithreach sa chaoi gur féidir réiteach a aimsiú san ionad féin. I gcás ar bith, iarr ar na feitheoirí an gearán atá agat a chur i scríbhinn, agus
- teagmháil a dhéanamh le EPSO tráth nach déanaí ná **3 lá féilire** i ndiaidh na dtrialacha trí shuíomh gréasáin EPSO (https://epso.europa.eu/contact/form_ga) agus cur síos gairid a thabhairt dóibh ar an bhfadhb.

I gcás **fadhb lasmuigh den ionad trialacha** (mar shampla, fadhb a bhaineann le coinne a dhéanamh le haghaidh trialach), lean na treoracha i do chuntas EPSO agus ar shuíomh gréasáin EPSO nó déan teagmháil le EPSO láithreach trí shuíomh gréasáin EPSO (https://epso.europa.eu/contact/form_ga).

I gcás fadhbanna a bhaineann le d'iarratas, ní mór duit teagmháil a dhéanamh le EPSO láithreach agus go cinnte roimh an sprioc-am le hiarratas a dhéanamh, trí shuíomh gréasáin EPSO (https://epso.europa.eu/contact/form_ga). Má chuirtear ceist isteach níos lú ná 5 lá oibre roimh an sprioc-am le hiarratas a dhéanamh, is féidir nach bhfreagrófar roimh an sprioc-am í.

### 3.2 Earráidí sna trialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire

Déanann EPSO grinnrialú cáilíochta go seasta ar an mbunachar de cheisteanna ilrogha.

Má mheasann tú nár fhéad tú ceann amháin nó níos mó de na ceisteanna ilrogha ar ríomhaire a fhreagairt toisc earráid a bheith inti nó iontu, tá tú i dteideal a iarraidh ar na coistí roghnúcháin an cheist nó na ceisteanna a athbhreithniú (faoin 'nós imeachta neodrúcháin;).

Faoin nós imeachta sin féadfaidh na coistí roghnúcháin a thogradh an cheist ina bhfuil an earráid a chur ar ceal agus na marcanna na ceiste sin a athdháileadh ar na ceisteanna eile. Is d'iarrthóirí a raibh an cheist earráideach le freagairt acu, agus dóibh siúd amháin, a dhéanfaidh an t-athríomh pointí difear. Ní thiocfaidh aon athrú dá thoradh sin ar scéim mharcála na dtrialacha a leagtar amach sna codanna ábhartha den ghlao seo.

Ag seo an dóigh le gearán a dhéanamh faoi thriail ceisteanna ilrogha ar ríomhaire:

- **nós imeachta:** déan teagmháil le EPSO **trí shuíomh gréasáin EPSO amháin** (https://epso.europa.eu/help/forms/complaints_ga),
- **teanga:** i dteanga 2 den phróiseas roghnúcháin i gceist;
- **sprioc-am:** ní mór an gearán a dhéanamh laistigh de **3 lá féilire** ón dáta a rinne tú na trialacha ar ríomhaire,
- **eolas breise:** déan cur síos ar an gceist ionas go bhféadfar í a aithint, agus mínigh chomh soiléir agus is féidir cad í an earráid a bhfuiltear á líomhain go bhfuil sí ann.

**Iarrataí a gheofar i ndiaidh an sprioc-ama nó iarrataí nach bhfuil cur síos soiléir iontu ar an gceist/ar na ceisteanna atá á conspóid/á gconspóid agus ar an earráid/na hearráidí a a bhfuiltear á líomhain go bhfuil sí/siad ann, ní chuirfear san áireamh iad.**

Gearáin nach bhfuil luaite iontu, go háirithe, ach fadhbanna aistriúcháin a bhfuiltear á líomhain go bhfuil siad ann, agus gan aon sonraí eile tugtha, ní chuirfear san áireamh iad.

### 3.3 Iarrataí ar athbhreithniú:

Féadfaidh tú athbhreithniú a iarraidh ar aon chinneadh a rinne an coiste roghnúcháin nó an tÚdarás atá Údaraithe Conarthaí Fostaíochta a Thabhairt i gCrích lena gcinntear do thorthaí agus/nó lena gcinntear cé acu a rachaidh tú ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin nó a dhíbreofar thú.

Is féidir iarrataí ar athbhreithniú a bheith bunaithe ar na nithe seo:

- mírialtacht ábhartha sa phróiseas roghnúcháin; agus/nó
- an coiste roghnúchán nó an tÚdarás atá Údaraithe Conarthaí Fostaíochta a Thabhairt i gCrích gan na Rialacháin Foirne, an glao, iarscríbhinní an fhógra comórtais agus/nó an cásdlí a chomhlíonadh.

- **nós imeachta:** déan teagmháil le EPSO trí shuíomh gréasáin EPSO amháin ( https://epso.europa.eu/help/forms/complaints_ga);
- **teanga:** i dteanga 2 den phróiseas roghnúcháin i gceist;
- **sprioc-am:** ní mór an iarraidh a dhéanamh laistigh de **10 lá féilire** tar éis an dáta a foilsíodh an cinneadh atá á chonspóid;
- **eolas breise:** luaigh go soiléir an cinneadh atá á chonspóid agat agus cúiseanna na conspóide.

Iarrataí a gheofar i ndiaidh an sprioc-ama, ní chuirfear san áireamh iad.

**3.4 Na nósanna imeachta achomhairc:**

Is féidir leat gearán a dhéanamh faoi Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne. Ba cheart duit aon chóip amháin den ghearán a chur isteach, agus sin ar an mbealach seo a leanas:

- le ríomhphost, i bhfoirm PDF más féidir é, chuig bosca litreach feidhmiúil HR MAIL E.2 (HR-MAIL-E2@ec.europa.eu)

An teorainn ama 3 mhí atá ann chun an cineál gníomhaíochta sin a thionscnamh (féach na Rialacháin Foirne https://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CONSLEG:1962R0031:20180101:EN:PDF), cuirtear tús leis an tréimhse sin a luaithe agus a thugtar fógra duit faoin gcinneadh a bhfuiltear á líomhain go bhfuil tú ag déanamh dochair do do leas.

Tabhair do d'aire nach bhfuil sé de chumhacht ag an Údarás atá Údaraithe Conarthaí Fostaíochta a Thabhairt i gCrích cinntí coiste roghnúcháin a athrú. Is é cinneadh seasta na Cúirte Ginearálta nach bhfuil an discréid leathan atá ag na coistí roghnúcháin faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt, ach amháin más léir gur sáraíodh na rialacha lena rialaítear a n-imeachtaí sin.

**3.5 Achomhairc bhreithiúnacha**

I do cháil mar iarrthóir i bpróiseas roghnúcháin le haghaidh gníomhairí sealadacha, tá sé de cheart agat achomharc breithiúnach a chur faoi bhráid na Cúirte Ginearálta faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne.

Tabhair do d'aire nach mbeidh achomhairc i gcoinne cinntí a rinne an tÚdarás atá Údaraithe Conarthaí Fostaíochta a Thabhairt i gCrích seachas an coiste roghnúcháin, nach mbeidh siad inghlactha os comhair na Cúirte Ginearálta mura ndearnadh achomharc riaracháin roimhe sin faoi Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne (féach roinn 3.3). Go háirithe, is amhlaidh atá i gcás cinntí a bhaineann leis na critéir incháilitheachta ghinearálta, arb é an tÚdarás atá Údaraithe Conarthaí Fostaíochta a Thabhairt i gCrích a dhéanann iad seachas an coiste roghnúcháin.

Ag seo an dóigh le hachomharc breithiúnach a dhéanamh:

**- nós imeachta:** breathnaigh ar shuíomh gréasáin na Cúirte Ginearálta (http://curia.europa.eu/jcms/).

**3.6 An tOmbudsman Eorpach**

Is féidir le gach saoránach den Aontas Eorpach agus gach duine atá ina chónaí san Aontas Eorpach gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh.

**Sula ndéanfaidh tú sin, ní mór duit teagmháil a dhéanamh leis na hinstitiúidí agus na comhlachtaí lena mbaineann agus na foirmiúlachtaí riaracháin iomchuí a chomhlíonadh** (féach pointí 3.1 go 3.3 thuas).

Ní chuirfear síneadh leis na sprioc-amanna le gearáin riaracháin nó achomhairc bhreithiúnacha a dhéanamh de thoradh gearán a rinneadh.

Ag seo an dóigh le gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman:

– **nós imeachta:** breathnaigh ar shuíomh gréasáin an Ombudsman Eorpaigh (http://www.ombudsman.europa.eu/).

**4 DÍCHÁILIÚ**

Féadfar thú a dhícháiliú ag aon chéim den phróiseas roghnúcháin má fhaigheann an coiste roghnúcháin/an tÚdarás atá Údaraithe Conarthaí Fostaíochta a Thabhairt i gCrích amach:

- gur chruthaigh tú níos mó ná cuntas EPSO amháin;
- nach gcomhlíonann tú na coinníollacha incháilitheachta;
- go ndearna tú dearbhuithe bréagacha nó dearbhú nach raibh aon tacaíocht ag gabháil leis;
- nach ndearna tú coinne chun na trialacha a dhéanamh nó nach ndearna tú na trialacha iad féin;
- go ndearna tú séitéireacht sna trialacha;
- nár dhearbhaigh tú san fhoirm iarratais go bhfuil na teangacha agat nach mór a bheith agat i gcomhréir leis an nglao seo;
- gur fhéach tú le dul i dteagmháil le ball de na coistí roghnúcháin ar dhóigh neamhúdaraithe;
- nár chuir tú in iúl do EPSO go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann a bhaineann le ball den choiste roghnúcháin;
- go ndearna tú nó gur scríobh tú sainchomhartha i dtrialacha scríofa nó i dtrialacha praiticiúla a mharcáiltear gan aon ainm luaite leo.

Caithfidh iarrthóirí ar phost in institiúidí nó gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh a léiriú go bhfuil siad sár-ionraic. Aon duine a dhéanfaidh calaois nó iarracht ar chalaois, is féidir go ngearrfar pionós air agus go mbainfí dá incháilitheacht do phróiseas roghnúcháin eile ina dhiaidh sin.

# IARSCRÍBHINN II

AN COIMISIÚN EORPACH

## DO SHONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

**Sa ráiteas príobháideachais seo tugtar eolas faoin dóigh a ndéantar do shonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint**

**An oibríocht phróiseála: Dearbhú maidir le cosaint sonraí pearsanta i ndáil le próiseas roghnúcháin do ghníomhairí sealadacha le haghaidh poist seachas poist bhainistíochta agus chomhairleacha.**

**An rialaitheoir sonraí:** An Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus um Shlándáil - An tAonad HR.DDG.B.1 um 'Roghnú, Earcaíocht agus Deireadh Seirbhíse'

**Tagairt taifid:** DPR-EC-01728.1

**Clár**


**1. Réamhrá**

**2. Cén fáth agus cén chaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?**

**3. Cad iad na forais dlí ar a ndéanfaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil?**

**4. Cé na sonraí pearsanta a bhailímid agus a phróiseálaimid?**

**5. Cá fhad a choinneoimid do shonraí pearsanta?**

**6. Cén chaoi a gcosnóimid do shonraí pearsanta?**

**7. Cé aige a mbeidh rochtain ar do shonraí pearsanta agus cé dó a nochtfar iad?**

**8. Cé na cearta atá agat agus cén chaoi ar féidir iad a fheidhmiú?**

**9. Sonraí teagmhála**

**10. Cén áit a bhfuil tuilleadh eolais ar fáil?**

## 1. Réamhrá

Tá an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún' anseo feasta) tiomanta do do shonraí pearsanta a chosaint agus do phríobháideachas a urramú. Déanann an Coimisiún sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil a thuilleadh de bhun Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a dhéanann institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001).

Sa ráiteas príobháideachais seo, mínítear na fáthanna a bpróiseálaimid do chuid sonraí pearsanta, an dóigh a ndéanaimid na sonraí pearsanta ar fad a thugtar dúinn a bhailiú, a láimhseáil agus a chosaint, an chaoi a n-úsáidtear iad, agus na cearta atá agat maidir le do shonraí pearsanta. Tá ann freisin sonraí teagmhála an Rialaitheora Sonraí atá freagrach agus lenar féidir leat do chearta a fheidhmiú, sonraí teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí agus sonraí teagmhála an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

Tá an fhaisnéis a bhaineann leis an oibríocht phróiseála 'Próisis roghnúcháin do ghníomhairí sealadacha a eagraíonn an Coimisiún Eorpach le haghaidh poist seachas poist bhainistíochta agus chomhairleacha,' a dhéanann an Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna an tAonad HR.DDG.B.1 um 'Roghnú, Earcaíocht agus Deireadh Seirbhíse', anseo thíos.

## 2. Cén fáth agus cén chaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?

Cuspóir na hoibríochta próiseála: Bailíonn an Coimisiún Eorpach faisnéis iarrthóirí agus baineann sé úsáid aisti chun cuidiú leis na hArd-Stiúrthóireachtaí (ASanna) le roghnú gníomhairí sealadacha nó sin a eagrú d'fhonn liosta de na hiarrthóirí oiriúnacha is fearr a oireann don phróifíl atá leagtha amach sa ghlao ar léiriú spéise a chruthú. Féadfaidh an Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna na próisis a roghnúcháin a chur i gcrích le seirbhísí ábhartha na hArd-Stiúrthóireachta/na nArd-Stiúrthóireachtaí iarrthacha amháin, nó le tacaíocht ó Ionad Bainistíochta Cuntas nó ón Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO).

Tar éis glao ar léiriú spéise a bheith foilsithe i dtaca le roghnú gníomhairí sealadacha, seolann iarrthóirí a bpacáiste iarratais tríd an ríomhphost chuig bosca ríomhphoist feidhmiúil tiomnaithe a chruthaigh seirbhísí ábhartha na hArd-Stiúrthóireachta/na nArd-Stiúrthóireachtaí nó, i gcás inarb infheidhme, an Ionaid Bainistíochta Cuntas, nó trí ardán leictreonach slán EPSO, rud a dhéantar de ghnáth nuair a eagraítear an próiseas roghnúcháin le tacaíocht ó EPSO.

I ngach cás, cruthaítear comhad aonair do gach iarrthóir. Bíonn an méid seo a leanas sa chomhad seo:

- an pacáiste iarratais, ina mbíonn an fhoirm iarratais agus í comhlánaithe go cuí; CV, más gá; litir inspreagtha, más gá; i gcás inarb infheidhme, an fhaisnéis bhreise a thug an t-iarrthóir sa roinn 'Talent Screener';
- cóip de dhoiciméad oifigiúil a chruthaíonn an tsaoránacht atá acu (cárta aitheantais nó pas); cóip den dioplóma/de na dioplómaí nó den teastas/de na teastais a chruthaíonn go bhfuil an leibhéal oideachais acu a theastaíonn; cóipeanna de dhoiciméid a chruthaíonn go bhfuil taithí ghairmiúil ábhartha acu;
- na bileoga measúnúcháin le haghaidh an chomhaid iarratais agus fheidhmíocht an iarrthóra sna trialacha ar tugadh cuireadh dó iad a dhéanamh;
- comhfhreagras leis an iarrthóir.

Nuair a bhíonn trialacha ar ríomhaire agus/nó trialacha ionaid mheasúnaithe san áireamh sa phróiseas roghnúcháin, féadfaidh fo-thacair shonraí pearsanta na n-iarrthóirí a phróiseáil trí úsáid a

bhaint as feidhmchláir TF ar le fochonraitheoirí EPSO iad agus/nó atá ag feidhmiú mar phróiseálaithe sonraí, i gcomhréir leis na rialacha agus laistigh de na teorainneacha atá leagtha síos sna creatchonarthaí is infheidhme.

Is é an coiste roghnúcháin a phróiseálann comhaid na n-iarrthóirí (ina mbíonn sonraí aitheantais agus sonraí incháilitheachta na n-iarrthóirí), a dhréachtaíonn an tuarascáil réasúnaithe agus a thiomsaíonn painéal na n-iarrthóirí ar éirigh leo, ach ní stórálann sé na nithe sin.
Baintear úsáid as Tairseach an Earcaitheora chun liostaí na n-iarrthóirí ar éirigh leo a bhainistiú agus is féidir le baill foirne bhainistíochta acmhainní daonna rochtain a fháil uirthi laistigh de chomhlachtaí agus institiúidí an Aontais Eorpaigh. Sa Choimisiún, is iad sin: An Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna, na hIonaid Bainistíochta Cuntas, Comhfhreagraithe Gnó na nAcmhainní Daonna, baill foirne bhainistíochta agus baill eile d'fhoireann na hinstitiúide a bhfuil rochtain faighte acu ar Thairseach an Earcaitheora mar chuid de phróiseas earcaíochta chun iarrthóirí a lorg agus a roghnú d'fhonn iad a earcú.

Ní úsáidfear do shonraí pearsanta le haghaidh cinnteoireacht uathoibrithe, próifíliú san áireamh.

**3. <u>Cad iad na forais dlí ar a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil?</u>**

Déanaimid sonraí pearsanta iarrthóirí a phróiseáil ar na cúiseanna seo a leanas:

is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a dhéanamh a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don institiúid nó don chomhlacht de chuid an Aontais;

Seo a leanas bunús dlí na próiseála:
- Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA), lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach agus an Chomhphobal Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach;
- Cinneadh C(2013) 9049 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2013 maidir le beartais i leith gníomhairí sealadacha a fhostú agus úsáid a bhaint astu.

**4. <u>Cé na sonraí pearsanta a bhailímid agus a phróiseálaimid?</u>**

Chun an oibríocht phróiseála sin a dhéanamh, bailíonn an tAonad HR.DDG.B.1 um 'Roghnú, Earcaíocht agus Deireadh Seirbhíse' na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas:

- Sonraí pearsanta lena sainaithnítear na hiarrthóirí: céadainm nó céadainmneacha, sloinne nó sloinnte tráth a mbreithe, dáta breithe, inscne, náisiúntachtaí, príomhtheanga, cineál agus uimhir an doiciméid aitheantais, cóip den doiciméad aitheantais ina bhfuil na sonraí pearsanta uile, uimhir aitheantais náisiúnta, seoladh ríomhphoist, uimhir an phróisis roghnúcháin, uimhir rúnda aitheantais le haghaidh mharcáil anaithnid na dtrialacha, 'uimhir aitheantais incháilitheachta’ a mbaintear úsáid aisti chun sainaithint a dhéanamh le linn trialacha ar ríomhaire.

- Nuair a dhéanfar an roghnú le tacaíocht ó EPSO, sonraí pearsanta a bhaineann le húsáid chuntais EPSO na n-iarrthóirí: cód aitheantais úsáideora, uimhir, ainm úsáideora, logáil isteach, pasfhocal, loga cuairteanna an úsáideora.

- Sonraí pearsanta na n-iarrthóirí is gá chun gur féidir dul i dteagmháil, agus le haghaidh eagrú phraiticiúil na dtrialacha: seoladh, cód poist, baile/cathair, tír, uimhir (uimhreacha) teileafóin,

teangacha comhfhreagrais, teangacha na dtrialacha; Sonraí a chuir na hiarrthóirí ar fáil maidir le riachtanais shonracha (go háirithe aon fhadhb sláinte agus/nó aon mhíchumas); Sonraí a bhaineann le caidreamh teaghlaigh, sóisialta agus gairmiúil a d'fhéadfadh a bheith ina gcoinbhleacht leasa.

- Sonraí pearsanta na n-iarrthóirí is gá chun measúnú a dhéanamh i bhfianaise na gcritéar incháilitheachta agus/nó roghnúcháin atá leagtha síos sa ghlao ar léiriú spéise, agus chun measúnú a dhéanamh ar inspreagadh na n-iarrthóirí: oiliúint, sonraí na taithí gairmiúla, saineolas agus scileanna teicniúla, scileanna teanga.

- Na torthaí a ghnóthaigh na hiarrthóirí ag céimeanna éagsúla an phróisis roghnúcháin, agus na sonraí a bhaineann leis an meastóireacht ar cháilíochtaí, scileanna agus inniúlachtaí na n-iarrthóirí (marcanna agus, i gcás inarb infheidhme, barúlacha an choiste roghnúcháin).

Tá sé éigeantach sonraí pearsanta a sholáthar chun na ceanglais le haghaidh earcú a chomhlíonadh atá leagtha síos i gCoinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

**5. <u>Cá fhad a choinneoimid do shonraí pearsanta?</u>**

Ní choinníonn an Coimisiún Eorpach sonraí pearsanta iarrthóirí ach amháin chomh fada is gá chun cuspóir a mbailithe a chomhlíonadh nó chun próiseáil bhreise a dhéanamh orthu mar seo a leanas:

- coinníonn an tAonad HR.DDG.B1 comhaid na n-iarrthóirí atá ar liosta de na hiarrthóirí oiriúnacha go dtí go n-earcaíonn an Coimisiún iad. A luaithe agus a earcaítear iad, scriostar na comhaid roghnúcháin agus cuirtear comhaid phearsanta ina n-ionad.
- coinnítear comhaid na n-iarrthóirí atá ar an liosta de na hiarrthóirí oiriúnacha ach nach bhfuil earcaithe ag an gCoimisiún ar feadh dhá bhliain ón dáta a ndúntar an liosta;
- coinnítear comhaid na n-iarrthóirí nach bhfuil ar an liosta de na hiarrthóirí oiriúnacha ar feadh cúig bliana ón dáta a glacadh an liosta ionadaithe;
- coinnítear sonraí na n-iarrthóirí a soláthraíodh in iarratas nár bailíochtaíodh in am ar feadh bliana ón sprioc-am le hiarratais a dhéanamh ar an bpróiseas roghnúcháin;
- coinnítear comhaid lena ndéantar eagrú na bpróiseas le haghaidh roghnú na ngníomhairí sealadacha a dhoiciméadú go ceann cúig bliana ón dáta a dúnadh an painéal.

**6. <u>Cén chaoi a gcosnaímid do shonraí pearsanta?</u>**

Déantar na sonraí pearsanta uile atá i bhformáid leictreonach (ríomhphoist, doiciméid, bunachair sonraí, baisceanna sonraí uaslódáilte, etc.) a stóráil ar fhreastalaithe an Choimisiúin Eorpaigh. Déantar na hoibríochtaí próiseála go léir de bhun <u>Chinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún</u> an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil córas cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún Eorpach.

Chun do shonraí pearsanta a chosaint, tá bearta teicniúla agus eagraíochtúla curtha ar bun ag an gCoimisiún. Ar na bearta teicniúla sin tá gníomhartha iomchuí chun dul i ngleic le slándáil ar líne, agus leis an mbaol go gcaillfí sonraí, go ndéanfaí sonraí a athrú nó go mbeadh rochtain neamhúdaraithe orthu, lena gcuirtear san áireamh an riosca a bhaineann leis an bpróiseáil agus na cineálacha sonraí pearsanta atá á bpróiseáil. Ar na bearta eagraíochtúla, tá cead rochtana ar na sonraí a theorannú do dhaoine údaraithe amháin a bhfuil gá dlisteanach acu leo chun críocha na hoibríochta próiseála seo. Nuair a bheidh an roghnúchán á eagrú le tacaíocht EPSO, féach taifead DPR-EC-01154.

**7. <u>Cé aige a mbeidh rochtain ar do shonraí pearsanta agus cé dó a nochtfar iad?</u>**

Tugtar rochtain ar shonraí pearsanta iarrthóirí do na fostaithe de chuid an Choimisiúin atá freagrach as an oibríocht phróiseála sin a fheidhmiú agus do na baill foirne atá údaraithe de réir an phrionsabail 'ar bhonn riachtanas eolais'. Tá ceangal ar na baill foirne sin cloí le comhaontuithe reachtúla rúndachta agus, i gcás inar gá, le comhaontuithe breise rúndachta.

Dá bhrí sin, féadfaidh an coiste roghnúcháin, an tAonad HR.DDG.B.1, foireann an Ionaid Bainistíochta Cuntas atá i gceannas ar an bpróiseas roghnúcháin, foireann na hArd-Stiúrthóireachta/na nArd-Stiúrthóirachtaí iarrthach(a) atá i gceannas ar an bpróiseas roghnúcháin agus EPSO rochtain a fháil ar na sonraí a mheastar a bheith riachtanach chun an oibríocht phróiseála seo a dhéanamh.

Ina theannta sin:

• Laistigh d'institiúidí an Aontais Eorpaigh, tá rochtain ar Thairseach an Earcaitheora ag baill foirne bhainistíochta acmhainní daonna (le haghaidh an Choimisiúin, na hArd-Stiúrthóireachta um Acmhainní Daonna, Comhfhreagraithe Gnó Acmhainní Daonna), baill foirne bhainistíochta agus baill foirne eile in institiúidí a bhfuil rochtain acu uirthi mar chuid de phróiseas earcaíochta chun iarrthóirí earcaíochta a chuardach agus a roghnú.

• Féadfaidh cúirteanna an Aontais Eorpaigh agus Seirbhís Dlí an Choimisiúin rochtain a fháil ar shonraí a mheastar a bheith riachtanach i ndáil le hiarratas nó gearán riaracháin faoi Airteagal 90(1) nó (2) de na Rialacháin Foirne agus/nó achomharc os comhair chúirteanna an Aontais Eorpaigh. Féadfaidh OLAF, Oifig Imscrúdaithe agus Araíonachta an Choimisiúin, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus foireann an Ombudsman Eorpaigh rochtain a fháil ar shonraí a mheastar a bheith riachtanach le haghaidh cásanna nó iniúchtaí sonracha.

• Conraitheoirí EPSO a raibh sé de chúram orthu trialacha áirithe a eagrú go praiticiúil. Tá na sonraí a thugtar do chonraitheoirí teoranta ó thaobh ama agus raon feidhme na sonraí sin, agus is é is aidhm leo dul i ngleic leis an gcuspóir sonrach iarrthóirí an ionaid mheasúnaithe a aithint agus malairtí trialacha a bhainistiú.

Ní thabharfar an t-eolas a bhailímid d'aon tríú páirtí, seachas a mhéid is gá agus chun na críche a d'fhéadfaí a bheith leagtha síos sa dlí.

**8. <u>Cé na cearta atá agat agus cén chaoi a ar féidir iad a fheidhmiú?</u>**

Tá cearta sonracha agat mar ‘ábhar sonraí’ faoi Chaibidil III (Airteagal 14 go hAirteagal 25) de Rialachán (AE) 2018/1725, go háirithe an ceart do shonraí pearsanta a rochtain, a cheartú nó a scriosadh agus an ceart srian a chur ar phróiseáil do shonraí pearsanta. I gcás inarb infheidhme, tá sé de cheart agat agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála agus tá ceart na hiniomparthachta sonraí agat.

Ní féidir athruithe a dhéanamh ar shonraí maidir le critéir incháilitheachta i ndiaidh an sprioc-ama le hiarratas a dhéanamh. Maidir leis an gceart ar cheartú, ní féidir é a fheidhmiú i ndiaidh an sprioc-ama le hiarratas a dhéanamh, a mhéid a d'fhéadfadh sin tionchar a bheith aige ar thoradh an phróisis roghnúcháin.

Tá sé de cheart agat agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil do shonraí pearsanta, próiseáil a dhéantar go dleathach de bhun Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) 2018/1725.

Is féidir leat do chearta a fheidhmiú ach teagmháil a dhéanamh leis an Rialaitheoir Sonraí, nó, i gcás easaontais, leis an Oifigeach Cosanta Sonraí. Más gá, is féidir leat dul i dteagmháil leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí freisin. Tá a gcuid sonraí teagmhála le fáil faoi phointe 9 thíos.

I gcás inar mian leat do chearta a fheidhmiú i gcomhthéacs oibríochta próiseála ar leith amháin nó níos mó, déan cur síos orthu (i.e. a dtagairtí taifid mar atá sonraithe faoi phointe 10 thíos) i d'iarraidh.

**9. Sonraí teagmhála**

**- An Rialaitheoir Sonraí**

Más mian leat do chearta a fheidhmiú faoi Rialachán (AE) 2018/1725, nó má tá tuairimí, ceisteanna nó ábhair imní agat, nó más mian leat gearán a dhéanamh faoi bhailiú agus úsáid do shonraí pearsanta, déan teagmháil leis an Rialaitheoir Sonraí in Aonad HR.DDG.B.1 ag HR-B1-GDPR@ec.europa.eu

**- Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin**

Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí (DATA-PROTECTION-OFFICER@ec.europa.eu) maidir le ceisteanna a bhaineann le próiseáil do shonraí pearsanta faoi Rialachán (AE) 2018/1725.

**- An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí**

Tá an ceart agat dul ar iontaoibh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (i.e. gearán a dhéanamh leis) (edps@edps.europa.eu), má mheasann tú gur sáraíodh do chearta faoi Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 mar thoradh ar phróiseáil do shonraí pearsanta ag an Rialaitheoir Sonraí.

**10. Cén áit a bhfuil tuilleadh eolais ar fáil?**

Foilsíonn an tOifigeach Cosanta Sonraí clár na n-oibríochtaí próiseála go léir ar shonraí pearsanta atá déanta ag an gCoimisiún, oibríochtaí atá doiciméadaithe agus curtha in iúl dó. Tá an clár le fáil ag an nasc seo: http://ec.europa.eu/dpo-register

Tá an oibríocht phróiseála shonrach sin curtha le clár poiblí an Oifigigh Cosanta Sonraí agus an tagairt taifid seo a leanas ag gabháil leis: DPO-1964-2/DPR-EC-01728.1- *Nósanna imeachta roghnúcháin le haghaidh gníomhairí sealadacha arna n-eagrú ag an gCoimisiún Eorpach do phoist eile seachas poist bhainistíochta agus chomhairleacha.*